



## An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Central Statistics Office

### Preas Ráiteas

#### Press Statement

### Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC)

#### Réamhthorthaí 2010

Inniu d'fhoilsigh an CSO réamhthorthaí de chuid an tSuirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) 2010. Tá an Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) in Éirinn ar an bhfoinse sonraí oifigiúil ar ioncam teaghlaigh agus aonair agus sa bheis air sin soláthraíonn sé líon áirithe príomh-tháscairí náisiúnta na bochtaineachta, cosúil leis an ráta i mbaol na bochtaineachta, an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus rátaí na díothachta forghníomhaí. Tugtar achoimre anseo thíos ar phríomhthorthaí de chuid suirbhé 2010 i dteannta le tortaí comparáideacha do bhlianta roimhe seo:

**Tábla A Achoimre na bpriomhthorthaí**

	2006	2007	2008	2009	2010
<b>Ioncam</b>	€	€	€	€	€
Ioncam indiúscartha coibhéiseach (in aghaidh an duine aonair)	21,229	23,610	24,380	23,326	22,168
Tairseach i mbaol na bochtaineachta (60% den ioncam meánach)	10,566	11,890	12,455	12,064	10,831
<b>Rátaí bochtaineachta &amp; díothachta</b>	%	%	%	%	%
Ráta i mbaol na bochtaineachta	17.0	16.5	14.4	14.1	15.8
Ráta díothachta	13.8	11.8	13.8	17.1	22.5
Ráta na bochtaineachta comhsheasmhaí	6.5	5.1	4.2	5.5	6.2

<sup>1</sup>Dhá chineál ná níos mó de dhíothach forghníomhaithe braite

#### Athchoimriú ar príomh thorthaí

- Achoimre ar na príomhthorthaí Bhí meánioncam indiúscartha coibhéiseach bliantúil (i.e. ioncam teaghlaigh coigeartaithe do chomhdhánamh teaghlaigh) in 2010 cothrom le €22,168, laghdú 5.0% ar fhigiúr na bliana 2009 de €23,326.
- Bhí méadú ar neamhionannas ioncaim idir 2009 agus 2010 mar atá léirithe ag cóimheas sciar na cúigile. Léirigh an cóimheas go raibh meánioncam na ndaoine sa chúigil leis an ioncam is airde 5.5 huaire níos mó ná ioncam na ndaoine sa chúigil leis an ioncam is ísle. Bhí an cóimheas cothrom le 4.3 bliain roimhe sin.
- Tháinig laghdú níos mó ná 10% ó €12,064 in 2009 go €10,831 in 2010 ar an tairseach i mbaol na bochtaineachta, tar éis laghdaithe 3.1% ar an tairseach idir 2008 agus 2009.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire  
*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland  
*Dublin Office*  
+353 1 498 4000

LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0808 2347 581 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
[information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

- Cé go raibh laghdú níos mó ná 10% ar an tairseach i mbaol na bochtaineachta, mhéadaigh an ráta i mbaol na bochtaineachta ar leibhéal stáit ó 14.1% in 2009 go 15.8% in 2010.
- In 2010 bhí an ráta díothachta (iad sin a bhfuil dhá chineál nó níos mó de dhíothacht forghníomhaithe á brath acu) cothrom le beagnach 23% i gcomparáid le díreach os cionn 17% in 2009. Bhí an méadú sin inchurtha den chuid is mó i leith méadaithe ar ráta díothachta, na ndaoine sin NACH bhfuil i mbaol bochtaineachta, ó 13.7% in 2009 go 19.3% in 2010 agus ní raibh aon athrú suntasach ar ráta díothachta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta.
- Bhí an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí cothrom le 6.2% in 2010, rud nár léirigh aon athrú suntasach ar fhiúnaíochtaí na bliana 2009 ó thaobh staidrimh de.

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Pamela Lafferty ar 021 4535268 nó trí mheán rphoist ag [pamela.lafferty@cso.ie](mailto:pamela.lafferty@cso.ie)

An Phríomh-Oifig Staidrimh

30<sup>ú</sup> Samhain 2011

– CRÍOCH –